Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**12030/26**

**JAI 1016**
**MIGR 207**
**ASIM 43**
**RELEX 1039**
**FRONT 138**
**FIN 1091**
**COHAFA 68**
**ECOFIN 1024**
**CADREFIN 341**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 16 Iúil 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 371 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>An Deichiú Tuarascáil Bhliantúil maidir leis an tSaoráid do Dhídeanaithe sa Tuirc |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 371 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 371 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.7.2026
COM(2026) 371 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**An Deichiú Tuarascáil Bhliantúil maidir leis an tSaoráid do Dhídeanaithe sa Tuirc**

Clár


**1. Réamhrá** 1

1.1. An Tuirc agus géarchéim na ndídeanaithe 1

1.2. Freagairt an Aontais ar an ngéarchéim agus bunú na Saoráide 2

**2. Feidhmiú na Saoráide** 3

**3. Acmhainneacht airgeadais, fad agus cineál an chistithe** 4

**4. Cur chun feidhme na Saoráide** 6

**5. Faireachán, meastóireacht agus iniúchadh** 16

**6. Cumarsáid agus infheictheacht** 17

**7. Conclúid agus na chéad chéimeanna eile** 18

## 1. Réamhrá

Faoi Airteagal 8(1) de Chinneadh C(2015) 9500[1] ón gCoimisiún ('an Cinneadh'), ní mór don Choimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a choinneáil ar an eolas go tráthrialta faoi chur chun feidhme na Saoráide do Dhídeanaithe sa Tuirc ('an tSaoráid'). Faoi Airteagal 8(2) den Chinneadh, ní mór don Choimisiún tuairisciú go bliantúil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le cur chun feidhme na Saoráide. Foilsíodh an chéad Tuarascáil Bhliantúil maidir leis an tSaoráid i mí an Mhárta 2017[2]. Is féidir na tuarascálacha bliantúla uile a fháil ar shuíomh gréasáin na Saoráide do Dhídeanaithe. Tá an deichiú tuarascáil bhliantúil seo bunaithe ar shonraí suas le mí Eanáir 2026 agus an mhí sin san áireamh.

### 1.1. An Tuirc agus géarchéim na ndídeanaithe

Mar gheall ar a suíomh geografach, is tír thábhachtach ghlactha agus idirthurais le haghaidh dídeanaithe agus imirceach í an Tuirc. I mí Eanáir 2026, de réir na sonraí a sholáthair rialtas na Tuirce, d'óstáil an tír 2 339 543 Shiriach a bhí faoi chosaint shealadach agus níos mó ná 300 000 imirceach cláraithe, ón Afganastáin, ón Iaráic, ón Iaráin agus ón tSomáil den chuid is mó[3,4]. Bhí tionchar nach beag aige sin ar na pobail óstacha. Is dúshlán atá ag dul i méid don chomhtháthú sóisialta idir dídeanaithe, imircigh agus pobail óstacha é láithreacht fhadtréimhseach na ndídeanaithe ón tSiria agus líon leanúnach na n-imirceach neamhrialta ón Afganastáin sa Tuirc. Tar éis thitim réimeas Assad i mí na Nollag 2024, agus de réir na sonraí a sholáthair údaráis na Tuirce, tá níos mó ná 600 000 Siriach tar éis filleadh ar an tSiria. Tá faireachán déanta ag UNHCR ar fhilleadh deonach os cionn 453 000 Siriach ón Tuirc ón 8 Nollaig 2024 (ón 30 Eanáir 2026 ar aghaidh).  Fágann sé sin gur thart ar 1,3 milliún an líon iomlán fillteacha deonacha ar an tSiria ó bhí 2016 ann i mí Feabhra 2026. Tá UNHCR i láthair ag na trasnuithe teorainneacha agus tá faireachán á dhéanamh aige ar na fillteacha deonacha trí agallaimh aonair. Chuir údaráis na Tuirce i dtábhacht gur cheart do na fillteacha a bheith deonach, sábháilte, díniteach agus ordúil.

Ar bhealach na Meánmhara Thoir, lean líon na dtrasnuithe teorainneacha neamhdhleathacha a braitheadh de bheith ag titim go foriomlán, rud a léiríonn gur féidir torthaí gur féidir torthaí teacht as an gcomhar, ach gurb ann do rioscaí fós. Feadh bhealach na Meánmhara Thoir, ba iad náisiúnaigh ón Afganastáin (27 %), ón tSúdáin (18 %), ón Éigipt (16 %), ón mBanglaidéis (7 %) agus ón tSiria (6 %) na náisiúntachtaí ba mhinice a braitheadh in 2025. Tá laghdú mór (-88 %) tagtha ar thrasnuithe teorainneacha neamhrialta ag náisiúnaigh Shiriacha. Ba iad an Tuirc (62 %) agus an Libia (38 %) na príomhphointí imeachta feadh an bhealaigh. Ag na

---

[1] Cinneadh C(2015) 9500 ón gCoimisiún an 24.11.2015 maidir le gníomhaíochtaí an Aontais agus na mBallstát a chomhordú trí shásra comhordúcháin – an tSaoráid do Dhídeanaithe sa Tuirc.

[2] https://enlargement.ec.europa.eu/document/download/9dc8736f-c734-48be-8678-aca919a6a1bf_en.

[3] https://en.goc.gov.tr/irregular-migration.

[4] Saintréith shonrach de chóras tearmainn na Tuirce, tá sí nasctha leis an bhfíoras gur shínigh an tír Prótacal Nua-Eabhrac 1967 de Choinbhinsiún na Ginéive 1951 faoi réir forchoimeádais. Dá réir sin, i gcás fhormhór mór na ndídeanaithe sa Tuirc, ní ar stádas dídeanaí lánfheidhme is féidir leo iarratas a dhéanamh ach ar stádas 'Dídeanaí Choinníollaigh' amháin, stádas lena gcuirtear teorainn, má dheonaítear é, leis an tréimhse fanachta sa tír go dtí an tráth a dhéantar dídeanaí aitheanta a 'athlonnú chuig tríú tír'.

teorainneacha muirí seachtracha, tá na rioscaí agus an líon básanna fós dian, agus is minic a dhéanann líonraí coiriúla eagraithe dúshaothrú ar dhaoine leochaileacha trí thrasnuithe neamhrialta a éascú i soithí a bhíonn plódaithe agus nach mbíonn ar an gcaighdeán cuí.

Tá iarrachtaí an-mhór á ndéanamh ag an Tuirc fós chun dídeanaithe agus imircigh a óstáil agus chun aghaidh a thabhairt ar a riachtanais, agus tá sí tar éis a tiomantas a athdhearbhú maidir leis an Ráiteas ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc an 18 Márta 2016[5] ('an Ráiteas') a chur chun feidhme. Leis an Ráiteas, leanadh de thorthaí coincréiteacha a bhaint amach in 2025.
Faoin scéim athlonnaithe 'duine in aghaidh an duine' a leagtar amach sa Ráiteas, athlonnaíodh níos mó ná 44 046 dhuine ón Tuirc chuig an Aontas idir mí Aibreáin 2016 agus mí na Nollag 2025. Chuir Ballstáit an Aontais an t-athlonnú ón Tuirc ar fionraí tar éis athrú an réimis sa tSiria i mí na Nollag 2024. Is é 2 253 an líon iomlán daoine a cuireadh ar ais ó oileáin na Gréige go dtí an Tuirc faoin scéim 'duine in aghaidh an duine' ó bhí 2016 ann. Ós rud é nach ndearna údaráis na Tuirce a gcinneadh ó mhí an Mhárta 2020 a chúlghairm chun oibríochtaí um fhilleadh faoin Ráiteas a chur ar fionraí tar éis phaindéim COVID-19, níor tharla aon oibríocht um fhilleadh ó shin d'ainneoin iarrataí leantacha ón gCoimisiún agus ó údaráis na Gréige.

Chomhaontaigh Comhairle Eorpach mhí Dheireadh Fómhair 2020 clár oibre dearfach idir an tAontas Eorpach agus an Tuirc a sheoladh. Sainaithníodh ceithre réimse tosaíochta: (i) feabhas a chur ar fheidhmiú an Aontais Custaim agus pléití a athsheoladh maidir lena nuachóiriú; (ii) an imirce agus tacaíocht do dhídeanaithe; (iii) idirphléití ardleibhéil; agus (iv) teagmhálacha idirphearsanta agus soghluaisteacht. D'athdhearbhaigh Comhairle Eorpach mhí an Mheithimh 2021 go bhfuil an tAontas réidh chun dul i mbun plé leis an Tuirc ar bhealach céimnithe comhréireach in-aisiompaithe chun an comhar a mhéadú i roinnt réimsí leasa choitinn, faoi réir na gcoinníollacha seanbhunaithe a leagadh amach i mí an Mhárta 2021 agus i gconclúidí ón gComhairle Eorpach roimhe seo. Leis an Teachtaireacht Chomhpháirteach an 29 Samhain 2023, tugadh aghaidh ar an iarraidh ón gComhairle Eorpach an 29 go dtí an 30 Meitheamh 2023 ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún chun tuarascáil ar staid an phlé a thíolacadh i ndáil leis an gcaidreamh idir an tAontas agus an Tuirc. Sa Teachtaireacht Chomhpháirteach sin cuireadh roinnt tograí ar aghaidh chun borradh a chur faoin gcaidreamh arís, lena n-áirítear an bainistiú imirce agus an tacaíocht airgeadais do dhídeanaithe agus do phobail óstacha. Rinneadh dhá idirphlé ardleibhéil idir an tAontas agus an Tuirc maidir leis an imirce agus an tslándáil a thionól sa Bhruiséil i mí na Samhna 2023 agus in Iostanbúl i mí Iúil 2025.

## 1.2. Freagairt an Aontais ar an ngéarchéim agus bunú na Saoráide

Tá tacaíocht tugtha ag an Aontas Eorpach don Tuirc os cionn 3 mhilliún dídeanaí a óstáil ó bhí 2011 ann, ar dídeanaithe ón tSiria den chuid is mó iad. Mar fhreagra ar an iarraidh ó Bhallstáit an Aontais ar chistiú breise nach beag chun tacú le dídeanaithe sa Tuirc, bhunaigh an Coimisiún an tSaoráid do Dhídeanaithe sa Tuirc trí bhíthin Chinneadh ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015, arna leasú an 10 Feabhra 2016 agus arís an 14 Márta agus an 24 Iúil 2018. Is sásra í an tSaoráid chun slógadh na n-acmhainní a chomhordú, arb acmhainní iad a chuirtear

[5] http://www.consilium.europa.eu/ga/press/press-releases/2016/03/18-eu-turkey-statement/.

ar fáil faoi bhuiséad an Aontais agus faoi ranníocaíochtaí breise ó na Ballstáit, agus comhtháthaítear i mbuiséad an Aontais iad mar ioncam sannta seachtrach[6]. Rinne na Ballstáit gealltanas polaitiúil chun ranníocaíochtaí náisiúnta a sholáthar mar chuid den Chomhthuiscint idir Ballstáit an Aontais agus an Coimisiún Eorpach, a glacadh an 3 Feabhra 2016, agus a tugadh cothrom le dáta tráth a comhaontaíodh an dara tráinse den tSaoráid[7]. Bunaíodh creat coinníollachta leis an gComhthuiscint freisin.

An 18 Márta 2016, d'athdhearbhaigh Cinn Stáit agus Rialtais an Aontais agus na Tuirce a dtiomantas maidir lena bPlean Gníomhaíochta Comhpháirteach a chur chun feidhme agus chomhaontaigh siad bearta breise arb é is aidhm dóibh an caidreamh idir an tAontas agus an Tuirc a dhoimhniú agus aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim imirce[8]. D'aithin an Tuirc agus an tAontas go raibh gá le tuilleadh iarrachtaí tapa diongbháilte. Go sonrach, sa Ráiteas ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc a síníodh an 18 Márta 2016, iarradh go gcuirfí deireadh leis an imirce neamhrialta ón Tuirc go dtí an tAontas trí shamhail ghnó na smuigléirí daoine a bhriseadh agus trí rogha eile a thabhairt d'imircigh seachas a mbeatha a chur i mbaol, agus go gcuirfí dlús le cur chun feidhme na Saoráide.

Leithdháileadh EUR 3 bhilliún san iomlán ar an gcéad tráinse den tSaoráid (2016-2017)[9] agus cuireadh EUR 3 bhilliún breise ar fáil don dara tráinse (2018-2019), rud a d'fhág gurbh é EUR 6 bhilliún iomlán na Saoráide, a ndearnadh cistiú comhionann uirthi trí bhuiséad an Aontais agus trí ranníocaíochtaí déthaobhacha ó na Ballstáit. Faoin 31 Nollaig 2020, bhí leithdháileadh oibríochtúil iomlán na Saoráide curtha amach ar conradh ag an gCoimisiún, agus faoi dheireadh 2025 eisíocadh beagnach EUR 5,9 billiún.

## 2. Feidhmiú na Saoráide

Is sásra comhordúcháin í an tSaoráid lenar féidir cúnamh ón Aontas a shlógadh le haghaidh dídeanaithe sa Tuirc ar bhealach tapa éifeachtach éifeachtúil, agus bainistíocht fhónta airgeadais á háirithiú ag an am céanna. Áirithítear leis an tSaoráid go ndéantar ionstraimí maoinithe an Aontais atá ann cheana a shlógadh ar bhonn optamach, mar chabhair dhaonnúil

[6] Ioncam seachtrach faoi Airteagal 21(2), pointe (b), de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 ón gComhairle (IO L 298, 26.10.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/966/oj) le haghaidh ranníocaíochtaí in 2016 agus go dtí an 1 Lúnasa 2018 agus faoi Airteagal 21(2), pointe (a)(ii), de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1046/oj).

[7] https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-11329-2018-INIT/en/pdf.

[8] http://www.consilium.europa.eu/ga/press/press-releases/2016/03/18-eu-turkey-statement/.

[9] Cuireadh na EUR 3 bhilliún sin ar fáil sa bhreis ar EUR 345 mhilliún a leithdháil an Coimisiún ar an Tuirc cheana mar fhreagairt ar ghéarchéim na ndídeanaithe ón tSiria sular cuireadh tús leis an tSaoráid, agus sa bhreis ar chúnamh déthaobhach na mBallstát.

agus/nó cúnamh forbraíochta, chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na ndídeanaithe agus na bpobal óstach ar bhealach cuimsitheach comhordaithe[10].

Soláthraíonn Coiste Stiúrtha na Saoráide treoraíocht straitéiseach maidir leis na tosaíochtaí, an cineál gníomhaíochtaí a dtacófar leo, na méideanna a bheidh le leithdháileadh, na hionstraimí maoinithe a bheidh le slógadh agus na coinníollacha a bhaineann le cur chun feidhme ghealltanais na Tuirce faoin bPlean Gníomhaíochta Comhpháirteach idir an tAontas Eorpach agus an Tuirc an 29 Samhain 2015 (an 'Plean Gníomhaíochta Comhpháirteach')[11].

Tá tábhacht fós ag baint le hinbhuanaitheacht thionscadail na Saoráide agus le comhúinéireacht údaráis na Tuirce. I moltaí an dara tuarascáil speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa ó mhí Aibreáin 2024 agus i moltaí na meastóireachta deiridh neamhspleáiche ar an tSaoráid ó mhí na Samhna 2025, cuireadh i dtábhacht a thábhachtaí atá an inbhuanaitheacht agus an tionchar. Sainaithníodh réimsí tosaíochta le haghaidh cúnaimh ar bhonn measúnú cuimsitheach neamhspleách ar riachtanais, a tugadh cothrom le dáta in 2018.

Leis an tSaoráid, déantar maoiniú ó na hionstraimí maoinithe sheachtraigh seo a leanas a chomhordú[12]: (i) an chabhair dhaonnúil; (ii) an Ionstraim Eorpach Chomharsanachta; (iii) an Ionstraim maidir le Comhar um Fhorbairt (ICF); (iv) an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA); agus (v) an Ionstraim lena gcuirtear le Cobhsaíocht agus le Síocháin. Na bearta a mhaoinítear le buiséad an Aontais, déantar iad i gcomhréir lena rialacha agus lena rialacháin airgeadais is infheidhme maidir le bainistíocht dhíreach agus bainistíocht indíreach araon. Coinníoll de chur chun feidhme an chúnaimh is ea an Tuirc cloí docht leis na gealltanais sa Phlean Comhpháirteach Gníomhaíochta agus sa Ráiteas.

### 3. Acmhainneacht airgeadais, fad agus cineál an chistithe

Is é EUR 6 bhilliún an buiséad iomlán atá á chomhordú leis an tSaoráid, agus é á shlógadh ina dhá thráinse. Faoin dara tráinse, leantar de 11 thionscadal a chur chun feidhme tar éis síneadh a chur leo mar gheall ar COVID-19, creathanna talún mhí Feabhra 2023 agus boilsciú ard leanúnach sa Tuirc. Tá an eisíocaíocht deiridh fós ar feitheamh i gcás sé thionscadal, agus tá gníomhaíochtaí maidir le cúig idirghabháil ag fanacht lena dtabhairt chun críche.

EUR 3 bhilliún a bhí sa chéad tráinse, ar slógadh EUR 1 bhilliún de ó bhuiséad an Aontais agus ar soláthraíodh EUR 2 bhilliún de i bhfoirm ranníocaíochtaí déthaobhacha ó na Ballstáit.

---

[10] Cinneadh C(2015) 9500 ón gCoimisiún an 24.11.2015, Airteagal 2 – Cuspóirí na Saoráide.

[11] Féach Airteagal 5(1) de Chinneadh C(2015) 9500 ón gCoimisiún, arna leasú le Cinneadh C(2016) 855 ón gCoimisiún.

[12] Rinneadh ranníocaíochtaí na hIonstraime Eorpaí Comharsanachta agus na hIonstraime maidir le Comhar um Fhorbairt (ICF) a aistriú chuig an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais agus chuig an gCiste Iontaobhais Eorpach, faoi seach, agus ba fúthu sin a cuireadh na ranníocaíochtaí chun feidhme. I bprionsabal, i gcás ranníocaíochtaí uile na Saoráide le Ciste Iontaobhais Réigiúnach an Aontais Eorpaigh mar Fhreagairt ar an nGéarchéim sa tSiria (ó IPA agus ar bhonn níos lú, ó ICF), cuireadh chun feidhme iad mar chabhair neamhdhaonnúil.

EUR 3 bhilliún a bhí sa dara tráinse freisin, ar soláthraíodh EUR 2 bhilliún de ó bhuiséad an Aontais agus ar sholáthair na Ballstáit EUR 1 bhilliún de[13].

Maidir le hacmhainní buiséid an Aontais, den EUR 1 bhilliún ó bhuiséad an Aontais le haghaidh 2016-2017, rinneadh EUR 250 milliún a shlógadh in 2016 agus EUR 750 milliún in 2017. Den EUR 2 bhilliún ó bhuiséad an Aontais le haghaidh 2018-2019, rinneadh EUR 550 milliún a shlógadh in 2018, agus slógadh an t-iarmhéid in 2019.

Le haghaidh an chéad tráinse, ranníoc na Ballstáit EUR 677 milliún leis an tSaoráid in 2016, EUR 847 milliún in 2017, EUR 396 mhilliún in 2018 agus EUR 80 milliún in 2019. Maidir leis an dara tráinse, ranníoc na Ballstáit EUR 68 milliún in 2018, EUR 202 mhilliún in 2019, EUR 265 mhilliún in 2020, EUR 166 mhilliún in 2021 agus EUR 165 mhilliún in 2022, agus na híocaíochtaí deireanacha dar luach EUR 134 mhilliún in 2023. Rinneadh ranníocaíochtaí na mBallstát go díreach le buiséad an Aontais i bhfoirm ioncaim shannta sheachtraigh agus sannadh iad do línte buiséid an IPA agus na cabhrach daonnúla.

Coinníodh ar bun meaitseáil shásúil idir an ráta ag a bhfuil na Ballstáit ag íoc ranníocaíochtaí *isteach* sa tSaoráid agus ráta na n-eisíocaíochtaí a bhíonn á maoiniú ag na ranníocaíochtaí sin *ón* tSaoráid.

**Cúnamh breise ón Aontas do dhídeanaithe sa Tuirc lasmuigh de chreat na Saoráide**

In 2020, leithdháileadh EUR 535 mhilliún breise chun tacú le gníomhaíochtaí daonnúla sa Tuirc lasmuigh de chreat na Saoráide, suim atá curtha amach ar conradh agus eisíoctha go hiomlán.

Tar éis na gconclúidí ón gComhairle Eorpach i mí an Mheithimh 2021, shlóg an Coimisiún EUR 3 bhilliún breise do dhídeanaithe agus do phobail óstacha sa Tuirc le haghaidh 2021-2023 chun leanúnachas tacaíochta a áirithiú i réimsí tosaíochta na cabhrach daonnúla, na mbunriachtanas, an oideachais, na sláinte, an bhainistithe imirce agus an rialaithe teorann. Slógadh cuid nach beag den chistiú sin mar fhreagairt ar chreathanna talún 2023, agus díríodh EUR 355,6 milliún san iomlán ar thacaíocht shocheacnamaíoch agus ar bhonneagar.

I mí Feabhra 2024, chinn an Chomhairle Eorpach EUR 2 bhilliún breise le haghaidh 2024-2027 a leithdháileadh chun comhar éifeachtach imirce a choinneáil ar bun le tíortha nach Ballstáit den Aontas iad, lena n-áirítear an tacaíocht do dhídeanaithe ón tSiria sa Tuirc, mar chuid de chomhaontú chun an creat airgeadais ilbhliantúil (CAI) le haghaidh 2021-2027 a athbhreithniú.

Ag Comhdháil na Siria i mí na Bealtaine 2024, gheall an Coimisiún EUR 1 bhilliún chun tacú le dídeanaithe agus le pobail óstacha sa Tuirc. Cuimsíodh leis an méid sin EUR 520 milliún ón

[13] https://www.consilium.europa.eu/ga/press/press-releases/2018/06/29/facility-for-refugees-in-turkey-member-states-agree-details-of-additional-funding/.

ngnáthbhuiséad le haghaidh 2024 chun a áirithiú go leanfaí den chúnamh le haghaidh dídeanaithe, agus EUR 480 milliún arna thús-ualú ón leithdháileadh EUR 2 bhilliún thuasluaite, agus fágadh thart ar EUR 1,5 billiún le haghaidh 2025-2027. Cuimsíodh leis an bpacáiste EUR 1 bhilliún cúig bheart lena ndírítear ar na nithe seo a leanas: (i) an t-oideachas (EUR 80 milliún); (ii) bunriachtanais, cúram sláinte, seirbhísí bardasacha agus comhtháthú sóisialta (EUR 421 mhilliún); (iii) bainistiú imirce agus rialú teorann (EUR 398 milliún); (iv) soláthar le haghaidh athbhunú caidrimh ag an mBanc Eorpach Infheistíochta, beart a ghinfeadh iasachtaí féideartha le haghaidh infheistíocht a bhaineann le dídeanaithe (EUR 75 mhilliún); agus (v) cabhair dhaonnúil (EUR 26 mhilliún).

Chun tógáil ar an ngealltanas sin, bheartaigh an Coimisiún pacáiste cuimsitheach beart faoin mbuiséad 2025-2027 a bhí fágtha. Faoi dheireadh 2025, leithdháileadh EUR 1 311 billiún san iomlán agus glacadh cinntí maoiniúcháin comhfhreagracha. As an méid sin, gealladh EUR 1,151 billiún faoin bpacáiste tacaíochta ilbhliantúil le haghaidh 2025-2027 agus cumhdaíonn sé riachtanais fhíor-riachtanacha, lena n-áirítear bunriachtanais, cúram sláinte agus oideachas (EUR 839 milliún); tacaíocht d'fhilleadh deonach (EUR 150 milliún); agus bainistiú teorainneacha (EUR 161 mhilliún). Ina theannta sin, leithdháileadh EUR 160 milliún ar leithligh chun leanúint de thacaíocht oideachais chomhtháite faoin gclár PIKTES (Lánpháirtiú Páistí Siriacha i gCóras Oideachais na Tuirce a chur chun cinn), agus EUR 40 milliún le haghaidh cabhair daonnúil. Tá iarmhéid EUR 195 mhilliún faoi bhuiséad 2027 fós le leithdháileadh in 2026.


**Ó bhí 2011 ann, is é EUR 12,4 billiún an cistiú iomlán ón Aontas a leithdháileadh ar chúnamh le haghaidh dídeanaithe agus pobail óstacha sa Tuirc.** Cuimsítear leis sin EUR 345 mhilliún i gcúnamh le haghaidh dídeanaithe a slógadh idir 2011 agus 2016, na EUR 6 bhilliún faoin tSaoráid, EUR 535 mhilliún i gcistiú idirlinne in 2020, EUR 3 bhilliún i gcistiú breise in 2021-2023, EUR 1 bhilliún in 2024, agus EUR 1,5 billiún breise de chúnamh atá beartaithe go dtí deireadh 2027.

## 4. Cur chun feidhme na Saoráide

Cuirtear an tSaoráid chun feidhme i bhfoirm cabhrach daonnúla agus cúnaimh forbraíochta. Faoin gcéad tráinse, leithdháileadh beagnach EUR 1,4 billiún ar chabhair dhaonnúil, agus EUR 1,6 billiún ar chúnamh forbraíochta. I bhfianaise a fhadtréimhsí atá géarchéim na Siria, díríodh na hidirghabhálacha faoin dara tráinse níos mó agus níos mó ar ghníomhaíochtaí tacaíochta socheacnamaíche agus ar dheiseanna slí beatha a chruthú. Faoin dara tráinse, leithdháileadh beagnach EUR 1,06 billiún ar chabhair dhaonnúil, agus EUR 1,9 billiún ar chúnamh forbraíochta[14].

[14] An t-iarmhéid de EUR 60 milliún, leithdháiltear é ar an tacaíocht riaracháin agus oibríochtúil a sholáthraítear chun an tSaoráid a chur chun feidhme go céimneach.

Maidir leis an tSaoráid ar an iomlán, déantar an chabhair dhaonnúil agus an cúnamh forbraíochta suas le mí na Nollag 2025 a mhiondealú mar a leanas:




Chun na mionsonraí iomlána a fháil, féach tábla na dtionscadal ar líne[15].

Tá an cúnamh a sholáthraítear faoin tSaoráid bunaithe ar thionscadail. Braitheann na heisíocaíochtaí ar an dul chun cinn atá déanta maidir le hidirghabhálacha na Saoráide a chur chun feidhme. Cuimsítear le tacaíocht faoin tSaoráid cúnamh do dhídeanaithe agus do phobail óstacha araon.

Is é is aidhm don **chabhair dhaonnúil** faoin tSaoráid cuidiú leis na dídeanaithe is leochailí trí thacaíocht dhíniteach a sholáthar lena dtugtar aghaidh ar bhunriachtanais agus ar chosaint[16]. Tugtar aghaidh léi freisin ar bhearnaí trí ghníomhaireachtaí agus comhpháirtithe speisialaithe i réimsí tosaíochta na sláinte agus an oideachais. Bíonn soláthar chabhair dhaonnúil an Aontais á threorú ag an gComhdhearcadh Eorpach maidir le Cabhair Dhaonnúil 2007[17], ina leagtar síos gur cheart don Aontas, mar ghníomhaí daonnúil, cloí le prionsabail dhaonnúla na daonnachta, na neodrachta, na neamhchlaontachta agus an neamhspleáchais, mar a leagtar amach iad in Airteagal 214 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus sa Rialachán maidir le Cabhair Dhaonnúil (Uimh. 1257/96)[18,19].

Faoi shnáithe daonnúil na Saoráide, cuireadh 65 thionscadal san iomlán chun feidhme trí 21 chomhpháirtí faoin gcéad tráinse agus faoin dara tráinse araon. Leis na tionscadail sin, cumhdaítear an fhreagairt ar bhunriachtanais, cosaint, oideachas agus sláinte le haghaidh na ndídeanaithe is leochailí sa Tuirc. Rinneadh thart ar EUR 1,4 billiún de chabhair dhaonnúil a

[15] https://neighbourhood-enlargement.ec.europa.eu/enlargement-policy/turkiye/eu-support-refugees-turkiye_ga.

[16] Leithdháileadh EUR 352 mhilliún san iomlán ar chosaint faoin tSaoráid, trí chabhair dhaonnúil go príomha. Áiríodh leis na gníomhaíochtaí clárú agus fíorú dídeanaithe, acmhainneacht institiúideach Uachtaránacht na Tuirce maidir le Bainistiú Imirce a neartú, agus idirghabhálacha cosanta spriocdhírithe do ghrúpaí leochaileacha. Rinneadh an chosaint a phríomhshruthú freisin ar fud na mbunriachtanas, na sláinte agus an oideachais.

[17] Ráiteas Comhpháirteach ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát.

[18] Rialachán (CE) Uimh. 1257/96 ón gComhairle an 20 Meitheamh 1996 maidir le cabhair dhaonnúil.

[19] Tá cabhair dhaonnúil an Choimisiúin Eorpaigh bunaithe ar phleananna cur chun feidhme daonnúla tírshonracha ar bhonn bliantúil. An creat maidir le comhar idir an Coimisiún agus a chomhpháirtithe i réimse na cabhrach daonnúla, cuirtear ar bun é le creat-chomhaontuithe airgeadais agus riaracháin an Choimisiúin le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus lena chreat-chomhaontuithe comhpháirtíochta le heagraíochtaí neamhrialtasacha.

leithdháileadh agus a chur amach ar conradh agus eisíocadh EUR 1,4 billiún faoin gcéad tráinse, agus cuireadh beagnach EUR 1,06 billiún amach ar conradh agus eisíocadh beagnach EUR 1,05 billiún faoin dara tráinse.

Leis an g**cúnamh forbraíochta** tacaítear leis na riachtanais fhadtéarmacha i réimsí shláinte, oideachas agus fhorbairt shocheacnamaíoch na ndídeanaithe, go háirithe i dtéarmaí rochtain ar sheirbhísí poiblí agus deiseanna slí beatha, chomh maith le bonneagar bardasach. Dírítear leis freisin ar ghrúpaí leochaileacha agus cuimsítear gné inscne sna hidirghabhálacha a dhéantar faoin gcúnamh sin, e.g. cosaint na mban agus na gcailíní ar fhoréigean gnéasach agus inscnebhunaithe agus dírítear leis freisin ar fheabhas a chur ar an rochtain ar chúram sláinte gnéis agus atáirgthe.

Faoi shnáithe forbartha na Saoráide, leanadh de dhul chun cinn a dhéanamh maidir le 26 thionscadal a cuireadh amach ar conradh faoin gcéad tráinse a chur chun feidhme. As measc na dtionscadal sin, cuireadh 15 díobh chun feidhme faoi Chiste Iontaobhais Réigiúnach an Aontais Eorpaigh mar fhreagairt ar an ngéarchéim sa tSiria ar mhéid iomlán EUR 293 mhilliún, sa bhreis ar an leithdháileadh a bhainistítear go díreach tríd an IPA[20].

Is é EUR 3,4 billiún a bhí sna heisíocaíochtaí le comhpháirtithe cur chun feidhme as méid iomlán EUR 3,5 billiún a leithdháileadh ar chúnamh forbraíochta faoin dá thráinse[21]. I mí na Nollag 2025, rinneadh EUR 1,6 billiún i gcúnamh forbraíochta a leithdháileadh agus a chur amach ar conradh agus eisíocadh EUR 1,6 billiún faoin gcéad tráinse, agus cuireadh EUR 1,9 billiún amach ar conradh agus eisíocadh níos mó ná EUR 1,8 billiún faoin dara tráinse.
Tá 11 idirghabháil leanúnacha i snáithe forbartha na Saoráide.

In 2025, lean an boilsciú an-ard sa Tuirc mar aon leis na dúshláin a bhaineann leis an ráta malairte de dhifear a dhéanamh do chur chun feidhme na Saoráide.

**<u>Idirghabhálacha faoin tSaoráid i ngach réimse tosaíochta</u>**

Sna tuarascálacha faireacháin maidir leis an tSaoráid, tuairiscítear an dul chun cinn atá déanta i ngach réimse tosaíochta faoin dá thráinse den tSaoráid[22]. Baineadh méid nach beag amach sna réimsí tosaíochta seo a leanas:

[20] Déantar cistí ón IPA faoin tSaoráid a bhainistiú de réir na rialacha maidir le gníomhaíocht sheachtrach atá i dTeideal IV de Chuid a Dó den Rialachán Airgeadais agus ina rialacha maidir le cur i bhfeidhm.
[21] Áirítear san fhigiúr sin freisin eisíocaíochtaí faoi thionscadail a chuir Ciste Iontaobhais Réigiúnaigh an Aontais Eorpaigh mar Fhreagairt ar an nGéarchéim sa tSiria chun feidhme, ar eisíocaíochtaí iad nár gearradh ar bhuiséad an Aontais go fóill.
[22] https://enlargement.ec.europa.eu/enlargement-policy/turkiye/eu-support-refugees-turkiye_en.

**Oideachas**

Leithdháileadh EUR 2,51 billiún san iomlán ar thacaíocht oideachais faoin tSaoráid agus faoin tacaíocht bhreise le haghaidh dídeanaithe. Faoi shnáithe daonnúil na Saoráide, leithdháileadh breis agus EUR 181 mhilliún ar an oideachas.

Le hAistriú Airgid Coinníollach le haghaidh Oideachais IV, tacaítear le rollú scoile agus le freastal scoile dídeanaithe linbh trí íocaíochtaí míosúla a sholáthar do theaghlaigh ar dídeanaithe iad ar choinníoll go bhfreastalaíonn na daltaí ar an scoil go tráthrialta. In 2025, le clár CCTE IV, tacaíodh le suas le 540 292 dhídeanaí linbh leochaileacha trí aistrithe coinníollacha airgid thirim le haghaidh oideachais, mar chúiteamh ar fhreastal ar scoileanna poiblí go tráthrialta. Shroich an líon carnach leanaí a thairbhíonn de chúnamh airgid thirim le haghaidh oideachais 1 054 173 leanbh. Thairbhigh 49 418 ndídeanaí linbh san iomlán atá i mbaol de sheirbhísí cosanta trí ionaid seirbhísí sóisialta rialtas na Tuirce agus trí ionaid phobail Chorrán Dearg na Tuirce. Rinneadh 61 318 dtarchur san iomlán faoin gclár CCTE IV.

I mí Mheán Fómhair 2025, rinneadh leibhéil cúnaimh airgid a choigeartú arís (i dtéarmaí lira na Tuirce) chun tionchar diúltach an bhoilscithe aird a mhaolú. Mar sin féin, tháinig laghdú beag ar an líon daltaí a thairbhigh den chlár le linn na bliana de dheasca na bhfillteacha ar an tSiria, cruatan airgeadais agus chur i bhfeidhm docht an chórais fíoraithe bunaithe ar sheoladh ag údaráis na Tuirce. Faoin gcóras sin, teaghlaigh a bhí faoi chosaint shealadach a d’athraigh a n-áit chónaithe gan formheas roimh ré a fháil ó na húdaráis (Stiúrthóireachtaí Cúige um Bainistiú Imirce), d’fhéadfaí a stádas a chur ar fionraí, rud a d’fhág go raibh siad eisiata ó chláir cúnaimh shóisialta.

Maidir leis an dara céim de chlár suaitheanta na Saoráide (Lánpháirtiú Páistí Siriacha i gCóras Oideachais na Tuirce a Chur Chun Cinn II – PIKTES II) a raibh buiséad iomlán EUR 400 milliún ag gabháil leis agus a bhí á chur chun feidhme ag an Aireacht Oideachais Náisiúnta, tháinig deireadh leis i mí Eanáir 2023. Ina dhiaidh sin bunaíodh an tionscadal nua PIKTES+[23] a raibh buiséad iomlán EUR 300 milliún ag gabháil leis a cistíodh faoi chúnamh breise le haghaidh dídeanaithe sa Tuirc, ar tháinig deireadh leis i mí Dheireadh Fómhair 2025. I mí Eanáir 2025, chun tuarastail múinteoirí a íoc, forlíonadh PIKTES+ le conradh nua le haghaidh EUR 80 milliún, is é sin PIKTES+, Cuid II. I mí Mheán Fómhair 2025, athainmníodh an conradh sin mar PIKTES IV agus cuireadh ‘breisiú’ EUR 160 milliún leis, rud a fhágann gurb é EUR 240 milliún an luach iomlán. In 2026, cuirfear ‘breisiú’ EUR 180 milliún eile leis sin san iomlán, agus is é EUR 420 milliún a bheidh i méid iomlán PIKTES IV.

Sa réimse tosaíochta seo, is é is aidhm fhoriomlán do chúnamh dídeanaithe an Aontais i gcónaí na dídeanaithe linbh uile a lánpháirtiú i gcóras oideachais fhoirmiúil na Tuirce, agus an méid sin á chomhlánú trí theagmháil a dhéanamh le leanaí nach bhfuil sa chóras scoile agus trí chonairí sábháilte foghlama a chruthú, chomh maith le feabhas a chur ar thorthaí foghlama. I gcás na bliana acadúla 2024-2025, cláraíodh 938 610 dídeanaí linbh san oideachas foirmiúil ar

[23] Oideachas Cuimsitheach do Leanaí i gCóras Oideachais na Tuirce a Chur Chun Cinn (PIKTES+).

fud na Tuirce. Fágann sé sin go bhfuil os cionn 225 000 leanbh ann fós nach dtéann ar scoil, rud a léiríonn bearna leanúnach rochtana (an Aireacht Oideachais Náisiúnta, 2025). Chuir scála an chláraithe brú nach beag freisin ar chóras oideachais phoiblí na Tuirce, a raibh air freastal ar na foghlaimeoirí sin trí infheistíochtaí móra a dhéanamh i mbonneagar oideachais, i bhfoireann teagaisc agus i seirbhísí tacaíochta.

An líon mac léinn a fuair scoláireachtaí le tacaíocht ón tSaoráid chun freastal ar oiliúint agus oideachas teicneolaíochta agus gairme nó ar institiúidí ardoideachais, shroich sé 72 331, idir dhídeanaithe agus an pobal óstach araon. Ba dhídeanaithe iad formhór na mac léinn sin agus coinníodh an chothromaíocht inscne ar bun. Le cuidiú ó thionscadail lenar tacaíodh leis an ardoideachas ó thús na Saoráide, bronnadh scoláireachtaí ar 7 156 mhac léinn ardoideachais: Ba as an tSiria 4 337 acu, bhí 178 mac léinn ann nárbh as an tSiria dóibh agus ba as an Tuirc 2 641 mhac léinn.

Chomh maith leis sin, lean an tSaoráid de bheith ag tacú le forbairt an bhonneagair oideachais agus chuidigh sí leis an bplódú sna scoileanna a laghdú. Rinneadh dul chun cinn nach beag maidir leis an líon saoráidí oideachais a ndearnadh iad a uasghrádú agus a thabhairt chun críche. Éacht mhór ó thaobh an uasghrádaithe de ab ea 8 700 clár bán idirghníomhach a shuiteáil i mbunscoileanna agus i meánscoileanna. Go dtí seo, tá uasghrádú déanta ar os cionn 17 726 shaoráid le tacaíocht ón tSaoráid.

Ina theannta sin, faoin tionscadal um Oideachas do Chách le linn Géarchéimeanna agus faoin tionscadal um Bonneagar Oideachais don Athléimneacht, tógadh 214 scoil agus cuireadh tús le seirbhísí oideachais iontu. Leis na painéil ghréine dín atá suiteáilte i scoileanna, gintear cumhacht do 50 scoil agus rinneadh bearta feabhsúcháin éifeachtúlachta fuinnimh maidir le 41 scoil.

In 2024, síníodh conarthaí chun cuidiú leis an mbonneagar oideachais sa Tuirc a atógáil tar éis chreathanna talún mhí Feabhra 2023. Is é is aidhm don chistiú sin rochtain ar oideachas a mhéadú do dhídeanaithe agus do phobail óstacha araon.

**An Chosaint**

Tá thart ar EUR 392 mhilliún san iomlán leithdháilte ar an tacaíocht um chosaint faoin tSaoráid agus faoin tacaíocht bhreise le haghaidh dídeanaithe, trí bhíthin tionscadail faoin snáithe daonnúil den chuid is mó.

Le snáithe daonnúil na Saoráide, tacaíodh le clárú agus fíorú dídeanaithe chun a stádas sa Tuirc a thabhairt chun rialtachta agus chun cuidiú leo rochtain a fháil ar sheirbhísí. Faoin snáithe sin tacaíodh le hiarrachtaí clárúcháin Uachtaránacht na Tuirce um Bainistiú Imirce (PMM) agus neartaíodh a hacmhainneacht institiúideach agus theicniúil. I dteannta idirghabhálacha cosanta neamhspleácha arb é is aidhm dóibh bearnaí a líonadh agus freagairt ar riachtanais shonracha agus freastal ar dhaoine atá i mbaol, rinneadh an chosaint a phríomhshruthú i gcolúin eile de chuid na straitéise freagartha daonnúla freisin (bunriachtanais, sláinte agus oideachas). Is é an

aidhm fhoriomlán aghaidh a thabhairt ar leochaileacht dídeanaithe ar bhealach níos fearr, a stádas a thabhairt chun rialtachta agus iad a nascadh le líonra níos leithne de sheirbhísí poiblí agus de sheirbhísí de chuid na Náisiún Aontaithe/eagraíochtaí neamhrialtasacha. Le linn na tréimhse tuairiscithe, leanadh leis an gcúnamh a dhíriú ar na grúpaí ba leochailí (e.g. oibrithe imirceacha talmhaíochta séasúracha, príomhghrúpaí dídeanaithe[24], etc.). Ina theannta sin, i measc na dtionscadal a maoiníodh trí Chiste Iontaobhais Réigiúnach an Aontais Eorpaigh mar Fhreagairt ar an nGéarchéim sa tSiria, cuimsíodh cúnamh d'ionaid phobail ina nglactar dídeanaithe agus ina n-atreoraítear ina dhiaidh sin dídeanaithe leochaileacha chuig seirbhísí iomchuí.

**An tSláinte**

Leithdháileadh EUR 1,24 billiún san iomlán ar thacaíocht cúraim sláinte faoin tSaoráid agus faoin tacaíocht bhreise le haghaidh dídeanaithe.

Is é tionscadal SIHHAT, lena dtacaítear le sláinte imirceach sa Tuirc, príomhcholún chistiú na Saoráide. Maoiníodh an tionscadal le ceithre leithdháileadh as a chéile: EUR 300 milliún in 2016, EUR 210 milliún in 2020, EUR 210 milliún in 2023 agus EUR 50 milliún in 2024. Le SIHHAT, tacaítear le hAireacht Sláinte na Tuirce maidir lena hiarrachtaí ar rochtain shaor chothrom ar chúram sláinte a sholáthar do na dídeanaithe uile. Tá 182 ionad sláinte imirceach san iomlán ag feidhmiú in 32 chúige agus tá 3 500 ball foirne cúraim sláinte, ar de bhunadh na Siria níos mó ná 76 % díobh, ag obair i saoráidí a fhaigheann tacaíocht ón Aontas. Leanfar de SIHHAT III a chur chun feidhme go dtí deireadh 2026. Le SIHHAT III, áirithítear go leantar de sheirbhísí cúraim sláinte le haghaidh dídeanaithe le tacaíocht bhreise ón Aontas dar luach EUR 190 milliún le haghaidh 2026 agus 2027.

Tá an dá ospidéal a chistítear faoin tSaoráid – Dörtyol/Hatay agus Kilis – ag feidhmiú go hiomlán ó bhí 2022 ann agus cuireadh seirbhísí cúraim sláinte ríthábhachtacha ar fáil iontu tar éis chreathanna talún 2023, nuair a méadaíodh acmhainneacht an dá ospidéal go 400 leaba. Ina theannta sin, faoin tSaoráid leantar de lárionaid sláinte le haghaidh imirceach a thógáil agus a athchóiriú, agus í ag soláthar trealamh leighis agus fearais mháithreachais agus ag athchóiriú aonaid fisiteiripe agus athshlánúcháin, agus sin mar chomhlánú ar SIHHAT. In 2025, cuireadh tús le tógáil 26 ionad sláinte agus seachadadh trealamh leighis dar luach EUR 8,1 milliún chun tairbhe 59 n-ospidéal.

Maidir le tacaíocht dhaonnúil, tá cúnamh cuimsitheach tarrthála fós á sheachadadh chuig dídeanaithe leochaileacha faoi mhíchumas in Reyhanlı/Hatay agus Gaziantep. Cuimsítear leis sin seirbhísí athshlánúcháin fhisicigh díreacha, tacaíocht mheabhairshláinte agus shíceasóisialta, chomh maith le próistéitic, ortóitic agus feistí cúnta eile a sholáthar.

[24] Áirítear leo sin dídeanaithe atá ina gcónaí sna cúigí is mó atá buailte le creathanna talún 2023, agus grúpaí leochaileacha dídeanaithe agus imirceach a bhfuil riachtanais shonracha chosanta acu (e.g. teaghlaigh faoi cheann aonair, daoine faoi mhíchumas, marthanóirí foréigin inscnebhunaithe, LADTIA+), lena n-áirítear thart ar 300 000 leanbh nach bhfuil sa chóras scoile.

**Bonneagar bardasach**

Leithdháileadh EUR 509 milliún san iomlán ar thacaíocht bonneagair bhardasaigh faoin tSaoráid agus faoin tacaíocht bhreise le haghaidh dídeanaithe.

Leis an tSaoráid, tugtar tacaíocht do bhardais éagsúla trí sheirbhísí bardasacha fíor-riachtanacha a sholáthar, lena n-áirítear soláthar uisce, sláintíocht agus bainistiú dramhaíola soladaí. Leis an tSaoráid, tacaítear leis an mbonneagar áitiúil freisin trí sheirbhísí áineasa a sholáthar. Maidir le saoráidí áineasa, cuireadh 23 shaoráid i gcrích (ionaid óige, páirceanna peile agus cúirteanna leadóige) agus tá sé beartaithe tairiscintí a lorg i mí Aibreáin 2026 le haghaidh ocht gcoimpléasc spóirt eile. Cuireadh tógáil 13 mhórchonradh uisce agus bonneagair dramhaíola soladaí (arna mbainistiú ag an mBanc Domhanda) i gcrích i gcúigí Adana, Konya, Kahramanmaraş, Kayseri agus Osmaniye. Cuireadh trí chonradh oibreacha uisce eile (arna mbainistiú ag Agence Française de Développement) i gcrích in Gaziantep agus Şanliurfa, agus leantar de thionscadail eile a chur chun feidhme in Kilis, Şanliurfa, Gaziantep, Mersin, Mardin, Adıyaman, Malatya agus Hatay.

**Bunriachtanais agus tacaíocht shocheacnamaíoch**

Leithdháileadh EUR 4,38 billiún san iomlán ar bhunriachtanais agus tacaíocht shocheacnamaíoch faoin tSaoráid agus faoin tacaíocht bhreise do dhídeanaithe.

Tá sé d’aidhm ag idirghabhálacha sa réimse tosaíochta sin a bheith ina gcuidiú le riar ar bhunriachtanais na ndídeanaithe is leochailí agus le hathléimneacht agus féintuilleamaí na ndídeanaithe a neartú. Leis sin ba cheart é a chur ar a gcumas dóibh aistriú de réir a chéile ón spleáchas ar chúnamh sóisialta go dtí féintuilleamaí méadaithe agus deiseanna méadaithe slí beatha.

Faoi chúnamh na Saoráide maidir le bunriachtanais, tá tacaíocht dhíreach faighte ag níos mó ná 2,6 milliún dídeanaí, rud a fhágann gur féidir leo maireachtáil faoi dhínit. Go dtí mí Iúil 2023, cuireadh an chuid is mó den tacaíocht ar fáil tríd an líontán sábhála sóisialta éigeandála (ESSN), ar clár cúnaimh shóisialta é lena soláthraítear cúnamh airgid thirim míosúil trí chóras cárta dochair do níos mó ná 1,6 milliún dídeanaí is tairbhí.

Faoin dara tráinse den tSaoráid, rinneadh cur chun feidhme an deontais dhírigh EUR 245 mhilliún leis an Aireacht Teaghlaigh agus Seirbhísí Sóisialta a chur i gcrích. Leis an deontas sin, is féidir tacaíocht airgeadais mhíosúil a sholáthar atá inchomparáide leis an gcúnamh sóisialta a sholáthraítear do dhaoine leochaileacha faoi chóras slándála sóisialta na Tuirce, i.e. an Líontán Sábhála Sóisialta Éigeandála comhlántach (C-ESSN). Cuireadh an tionscadal i bhfeidhm i gcomhthráth leis an ESSN agus soláthraíodh leis tacaíocht do theaghlaigh tuismitheoirí aonair, daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas (lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas trom). In 2024, dearbhaíodh leanúnachas na gclár C-ESSN agus ESSN leis na

EUR 3 bhilliún i dtacaíocht bhreise do dhídeanaithe a slógadh le haghaidh 2021-2023[25] lasmuigh de chreat na Saoráide. Rinneadh an dá chlár a chumasc ó shin sa chonradh aonair. I mí Iúil 2023, rinneadh an clár nua sin um chúnamh airgid thirim, an 'líontán sábhála sóisialta (LSS) le haghaidh dídeanaithe sa Tuirc' (EUR 781 mhilliún) a shíniú leis an Aireacht Teaghlaigh agus Seirbhísí Sóisialta. Leis an idirghabháil sin aistríodh an Líontán Sábhála Shóisialta Éigeandála ó chabhair dhaonnúil go cúnamh forbraíochta níos fadtéarmaí. Cuidíonn an clár reatha (LSS), ar méadaíodh a bhuiséad go EUR 906 mhilliún i mí na Samhna 2025, le beagnach 1 mhilliún dídeanaí freastal ar a mbunriachtanais laethúla. Tugadh faoi deara gur tháinig laghdú nach beag ar an líon tairbhithe mar thoradh ar fhilleadh deonach agus nuashonruithe ar an modheolaíocht spriocdhírithe. Cé gur thart ar 1,4 milliún a bhí sa líon cásanna SSN i mí Eanáir 2025, tháinig laghdú air sin go 972 000 faoi mhí na Nollag 2025: laghdú níos mó ná 40 %.

Tá tacaíocht shocheacnamaíoch bhreise á soláthar fós do dhídeanaithe chun rochtain ar an margadh saothair a éascú dóibh. Cumhdaíonn straitéis an Aontais sa réimse tosaíochta sin taobh an tsoláthair agus an éilimh araon den mhargadh saothair. I measc na bpríomhchineálacha tacaíochta tá an oiliúint agus oideachas teicneolaíochta agus gairme, cúrsaí gairmoiliúna gearrthéarmacha lena n-áirítear oiliúint le linn na hoibre, oiliúint i scileanna boga, comhairleoireacht post agus gairme agus seirbhísí tacaíochta chomh maith le tacaíocht i leith ceadanna oibre.

Cláraíodh thart ar 85 000 rannpháirtí ar chúrsaí oiliúna gearrthéarmacha maidir le forbairt scileanna gairme, agus chríochnaigh 78 500 díobh (ar mná iad a leath) an oiliúint. Ina theannta sin, le fiontair a bunaíodh nó a leathnaíodh le tacaíocht ón Aontas, cruthaíodh breis agus 37 000 post nua nó feabhsaithe[26].

Díríonn an dara snáithe mór den chlár ar ghnólachtaí nua a bhunú agus ar na gnólachtaí atá ann cheana a leathnú trí thacaíocht ábhartha agus neamhábhartha chun cruthú post foirmiúil a fheabhsú. Leis na tionscadail um Thacaíocht Fostaíochta agus faoi na tionscadail um Aistriú chuig an Margadh Saothair (İSDEP I agus İSDEP II), arna gcur chun feidhme i gcomhar le Gníomhaireacht Fostaíochta na Tuirce (İŞKUR) agus Ard-Stiúrthóireacht an Lucht Saothair Idirnáisiúnta (AS ILF) de chuid na hAireachta Saothair agus Slándála Sóisialta, dírítear ar fhostaíocht fhoirmiúil dídeanaithe agus baill de phobail óstacha a mhéadú. Cuireadh İSDEP I i gcrích go rathúil in 2024. Cuireann sé deontais ar fáil d'fhiontraithe, lena n-áirítear oiliúint san fhiontraíocht, chomh maith le tacaíocht ábhartha agus neamhábhartha do dhídeanaithe agus do phobail óstacha araon chun poist a chruthú i ndlúthchomhar le hEagraíocht na Tuirce um

[25] Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 4.11.2022 maidir le maoiniú an bhirt aonair le haghaidh soláthar tacaíochta airgid thirim do na dídeanaithe is leochailí sa Tuirc le haghaidh 2022 agus 2023 (C(2022) 7822) agus Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 7.12.2022 maidir le maoiniú an bhirt aonair chun leanúint den tacaíocht le haghaidh bhunriachtanas agus aistrithe chuig deiseanna slí beatha do dhídeanaithe sa Tuirc in 2022 (C(2022) 8887).

[26] Eisiatar sonraí WB İSDEP II (IPA/2020/417-830) mar gheall ar shaincheisteanna maidir le míchruinneas sonraí a ndéanann SUMAR iarracht ar aghaidh a thabhairt orthu.

Fhorbairt Tionscal Beag agus Meánmhéide (KOSGEB) agus le Banc Forbartha agus Infheistíochta na Tuirce (TKYB).

Tá an cuspóir céanna ag Feabhsú na nAcmhainneachtaí Fiontraíochta le haghaidh Comhtháthú Socheacnamaíoch Inbhuanaithe (ENHANCER) agus ag na tionscadail um Fhiontraíocht Shóisialta, Cumhachtú agus Comhtháthú i bPobail Dídeanaithe agus Óstacha sa Tuirc agus cuirtear chun feidhme iad i gcomhar leis an Aireacht Tionscail agus Teicneolaíochta. Tá tionscadail bhreise á ndéanamh i réimsí na fostaíochta talmhaíochta, na gairmoiliúna agus na bprintíseachtaí. Síníodh tuilleadh conarthaí tacaíochta socheacnamaíocha in 2024. Áirítear leo sin conarthaí arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar shlite beatha inbhuanaithe agus ar fhostaíocht fhoirmiúil do dhídeanaithe agus do phobail óstacha i gceantair atá buailte ag creathanna talún mhí Feabhra 2023.

**Bainistiú imirce**

Leithdháileadh EUR 1,19 billiún san iomlán ar thacaíocht bainistithe imirce faoin tSaoráid agus faoin tacaíocht bhreise do dhídeanaithe[27].

Tá dhá thionscadal a cistíodh faoin gcéad tráinse dar luach EUR 80 milliún san iomlán curtha i gcrích. Chuir an chéad tionscadal tacaíocht ón Aontas ar fáil chun acmhainneacht chuardaigh agus tarrthála gharda cósta na Tuirce a neartú, agus bhí sé d'aidhm ag an dara tionscadal tacú le hUachtaránacht na Tuirce um Bainistiú Imirce agus fillteacha ón Aontas á mbainistiú aici.

In 2024, leanadh de thrí thionscadal dar luach EUR 30 milliún faoin tacaíocht bhreise do dhídeanaithe a chur chun feidhme chun an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) acmhainneacht Uachtaránacht na Tuirce um Bainistiú Imirce a neartú chun an imirce neamhrialta a chomhrac; (ii) feabhas a chur ar an gcomhar idirsheirbhíse idir gníomhaireachtaí bainistithe teorainneacha ag aerfoirt; agus (iii) leanúint de thacaíocht oibríochtúil a sholáthar chun ionaid coinneála a bhainistiú.

Tá conradh EUR 220 milliún, a síníodh i mí na Nollag 2023, le haghaidh an tionscadail SAFE á chur chun feidhme ó bhí 2024 ann, ar tionscadal é a fhéachann le 'Teorainneacha thoir agus thoir theas na Tuirce a neartú, lena n-áirítear pointí trasnaithe teorann talún'. Is é is aidhm dó bainistiú teorainneacha a neartú a thuilleadh ag teorainneacha thoir agus thoir theas na Tuirce trí threalamh nua-aimseartha cumarsáide agus faireachais agus soilsithe chliste a shuiteáil.

Leis na EUR 398 milliún a leithdháileadh faoi thacaíocht bhreise do dhídeanaithe i gcinneadh maoiniúcháin 2024 chun tacú le hacmhainneacht imirce agus bainistithe teorainneacha na Tuirce, dírítear ar an méid seo a leanas: (i) fillteacha deonacha ar thíortha tionscnaimh; (ii) nósanna imeachta cosanta idirnáisiúnta agus cosanta sealadaí a neartú; (iii) smuigleáil imirceach a chosc; (iv) slándáil teorainneacha talún agus muirí; (v) imirce dhleathach; agus (vi)

[27] Ní chuimsítear leis sin EUR 150 milliún arna leithdháileadh faoi ionstraimí HOME.

breisiú EUR 50 milliún a leithdháileadh ar SAFE. Cuireadh na EUR 398 milliún uile amach ar conradh in 2025.

Cuimsíodh leis sin tionscadal EUR 95 mhilliún lena neartaítear sásraí náisiúnta le haghaidh fillteacha deonacha, sábháilte, díniteacha agus ordúla ar an tSiria, a seoladh i mí Lúnasa 2025. Is é UNHCR a chuireann an tionscadal chun feidhme agus déantar an méid seo a leanas leis: (i) méadaítear acmhainneachtaí Uachtaránacht na Tuirce um Bainistiú Imirce cásanna fillte dheonaigh a phróiseáil i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta; (ii) fairsingítear faireachán neamhspleách ar fhillteacha ag UNHCR; agus (iii) soláthraítear cúnamh iompair aonuaire do Shiriaigh a rinne iarratas ar fhilleadh deonach (thart ar 190 000 duine in imeacht 3 bliana, go dtí mí Lúnasa 2028). Faoi mhí na Nollag 2025, bhí cúnamh airgid le haghaidh iompair faighte ag 16 752 fhillí faoin tionscadal.
Thairis sin, le cinneadh maoiniúcháin a rinneadh in 2025, déanfar foráil maidir leis an méid seo a leanas: (i) an chéad bhreisiú (EUR 150 milliún) ar an idirghabháil phíolótach chun fillteacha sábháilte, ordúla, deonacha agus díniteacha dídeanaithe ón tSiria a éascú; agus (ii) an dara breisiú (EUR 161 mhilliún) ar SAFE chun suiteáil na gcóras faireachais uile a chur i gcrích feadh theorainneacha na Tuirce leis an Iaráin agus leis an Iaráic araon. Tá sé beartaithe an tionscadal SAFE a thabhairt chun críche faoi dheireadh 2028 agus tá buiséad iomlán EUR 431 mhilliún aige leis an mbreisiú is déanaí sin.

**Na gnéithe inscne laistigh de thionscadail faoin tSaoráid**

Le Plean Gníomhaíochta III AE maidir le hInscne ‘I gcomhar le chéile i dtreo domhan ina bhfuil comhionannas inscne 2021-2025’, leantar le cur chun feidhme beart faoin tSaoráid a threorú. Ba thosaíochtaí fós in 2025 iad cur chun cinn, cosaint agus comhlíonadh chearta an duine le haghaidh ban agus cailíní ina n-éagsúlacht uile, comhionannas inscne agus chumhachtú na mban agus na gcailíní. Rinneadh ceisteanna atá bainteach le hinscne a chomhtháthú i dtionscadail uile na Saoráide agus rinneadh faireachán orthu go leanúnach trí shonraí imdhealaithe (76 tháscaire).

Chuir an tSaoráid go mór le hinfhostaitheacht na mban, agus rinne os cionn 39 000 bean gairmoiliúint ghearrthéarmach scileanna, thairbhigh thart ar 68 000 bean de sheirbhísí comhairleoireachta fostaíochta, agus fuair os cionn 4 000 gnólacht faoi úinéireacht ban tacaíocht chomhairleach nó airgeadais. Chuir an tSaoráid cúrsaí Tuircise ar fáil do dhídeanaithe mná, agus d’éirigh le thart ar 37 000 dídeanaí mná fásta na cúrsaí a chur i gcrích. Thairis sin, d’fhreastail thart ar 55 000 dídeanaí linbh baineann ar oideachas réamh-bhunscoile a cuireadh ar fáil trí thionscadail a chistigh an tSaoráid, agus fuair 38 000 mac léinn baineann scoláireachtaí oideachais. Is mná iad níos mó ná dhá thrian de na múinteoirí agus na baill foirne oideachais atá fostaithe ag an tSaoráid. Faoi láthair, téann an clár aistrithe airgid thirim (SSN) chun tairbhe do 700 000 dídeanaí mná. Thairis sin, faoi láthair faigheann teaghlaigh 200 000 dalta baineann tacaíocht maidir le hairgead tirim coinníollach le haghaidh oideachais (CCTE). Fuair thart ar 700 000 dídeanaí mná seirbhísí tarchuir cosanta ar leithligh ó chláir aistrithe airgid thirim, agus thairbhigh thart ar 1 mhilliún dídeanaí mná de sheirbhísí cosanta trí thionscadail arna gcistiú ag an tSaoráid.

## 5. Faireachán, meastóireacht agus iniúchadh

In 2025, bhí tuairisciú ar éachtaí na Saoráide fós bunaithe ar Chreat Thorthaí na Saoráide[28] agus ar an Teoiric um Athrú[29]. Foilsíodh an 14ú tuarascáil faireacháin ar an tSaoráid i mí Eanáir 2026 agus is féidir í a rochtain ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin[30].

Ag deireadh 2024, shínigh an Coimisiún conradh nua (SUMAR) chun a áirithiú go leanfar de chóras faireacháin agus bainistithe sonraí na Saoráide de réir mar a bunaíodh faoin gcéad chonradh cúnaimh theicniúil (SUMAF) é[31]. Tháinig deireadh le conradh bunaidh SUMAF[32] i mí na Nollag 2024; thuairiscigh sé go ndearnadh 127 misean faireacháin san iomlán (lenar cumhdaíodh ceithre mhisean *ad hoc*), agus tugadh 20 misean chun críche in 2025 faoi chonradh nua SUMAR. Sholáthair SUMAR na táirgí insoláthartha uile in am agus iad uile de dhea-cháilíocht sa chéad bhliain den chonradh. Le linn 2025, thug Toscaireacht an Aontais sa Tuirc agus SUMAR seacht gcuairt faireacháin san iomlán ar ionaid choinneála faoi raon feidhme an deontais oibríochtúil le haghaidh Uachtaránacht na Tuirce um Bainistiú Imirce[33].

D'eisigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa a dara hiniúchadh feidhmíochta ar an tSaoráid i mí Aibreáin 2024. Foilsíodh an tuarascáil iniúchóireachta, lena n-áirítear torthaí agus moltaí ón gCúirt, agus freagraí an Choimisiúin, an 24 Aibreán 2024 agus tá sí ar fáil ar líne[34]. Ba phríomh-mholadh ón gCúirt é gur cheart don Choimisiún feabhas a chur ar an gcaoi a dtomhaistear tionchar thionscadail na Saoráide agus tús a chur le plé leis na Ballstáit agus le húdaráis na Tuirce maidir leis an gcaoi a n-áiritheofar go leanfaidh tionscadail de bheith inbhuanaithe.

I mí Mheán Fómhair/mí Dheireadh Fómhair 2025, le tacaíocht ó sheirbhísí SUMAR, rinneadh staidéar measúnaithe cúigeach ar éifeachtacht trí 38 bplé fócasghrúpa agus 25 agallamh le príomhfhaisnéiseoirí i gcúigí éagsúla chun torthaí na Saoráide a thomhas. D'iarr an Toscaireacht na sonraí ó thionscadail PIKTES roimhe seo agus tá plé á dhéanamh aici freisin leis an Aireacht Oideachais Náisiúnta maidir le conas feabhas a chur ar chóras sonraí thionscadal PIKTES atá ar siúl faoi láthair. Cothaítear an rochtain atá ag dídeanaithe ar bhunseirbhísí trí bhreisiú a dhéanamh ar chonarthaí deontais dhírigh leis na haireachtaí líne ábhartha.

---

[28] https://neighbourhood-enlargement.ec.europa.eu/document/download/23babb53-e316-4361-b373-78f0ce1d663e_en?filename=EU%20support%20to%20Refugees%20in%20TR_Results%20Framework.pdf
[29] https://neighbourhood-enlargement.ec.europa.eu/document/download/99c1bfa3-1853-42ff-ae3b-59622f7bdab1_en?filename=EU%20support%20to%20refugees%20in%20TR_Theory%20of%20Change%202024.pdf
[30] https://enlargement.ec.europa.eu/enlargement-policy/turkiye/eu-support-refugees-turkiye_en.
[31] Cúnamh Teicniúil chun Faireachán a dhéanamh ar Fheidhmíocht Thacaíocht an Aontais do Dhídeanaithe sa Tuirc – IPA/2024/461-735.
[32] Cúnamh teicniúil chun tacú le faireachán ar ghníomhaíochtaí a mhaoinítear faoin tSaoráid do Dhídeanaithe sa Tuirc – IPA/2021/429-105 (Aguisín VI a ghabhann le Conradh IPA/2018/393-877).
[33] Thug Toscaireacht an Aontais sa Tuirc cuairt ar Lárionad Coinneála Adana i mí an Mhárta 2025 agus ar Lárionad Coinneála Aydın i mí Mheán Fómhair 2025. Roinneadh a torthaí le húdaráis na Tuirce.
[34] https://www.eca.europa.eu/ECAPublications/SR-2024-06/SR-n-06_EN.pdf.

In 2024, chuir an Coimisiún amach ar conradh meastóireacht deiridh neamhspleách ar an tSaoráid, ar meastóireacht í a tugadh chun críche ag deireadh 2025. Rinneadh measúnú sa mheastóireacht ar éifeachtacht, ábharthacht, comhleanúnachas agus inbhuanaitheacht na Saoráide, agus béim ar leith á leagan ar an dara tráinse. Tugtar moltaí luachmhara sa tuarascáil[35] maidir le cúnamh an Aontais do dhídeanaithe a phleanáil agus a chur chun feidhme sa Tuirc agus in áiteanna eile.

Thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht gur thug an tSaoráid freagairt chuimsitheach dhea-chomhordaithe ón Aontas, lenar baineadh torthaí nach beag amach do dhídeanaithe agus do phobail óstacha ar fud earnálacha tosaíochta, go háirithe maidir le cosaint, bunriachtanais, oideachas agus sláinte. Cuirtear i dtábhacht inti freisin solúbthacht na Saoráide chun oiriúnú do ghéarchéim fhada atá ag teacht chun cinn. An tráth céanna, luaitear sa mheastóireacht go bhfuil dúshláin ann maidir le hinbhuanaitheacht torthaí a áirithiú, go háirithe i réimse na slite beatha agus an chuimsithe shocheacnamaíoch fhadtéarmaigh, chomh maith leis an ngá atá le hinbhuanaitheacht na n-idirghabhálacha agus na for-rochtana chuig na grúpaí is leochailí a fheabhsú a thuilleadh.

## 6. Cumarsáid agus infheictheacht

In 2025, leis na gníomhaíochtaí leanadh d'infheictheacht ghníomhaíochtaí na Saoráide a mhéadú agus de phróifíl an Aontais a ardú maidir leis an gcuidiú a thugann sé don Tuirc an pobal dídeanaithe a óstáil. I bhfianaise reitric oifigiúil agus meon poiblí diúltach marthanach i leith dídeanaithe le linn na tréimhse sin, díríodh na gníomhaíochtaí ar chúnamh ón Aontas do dhídeanaithe agus do phobail óstacha tar éis chreathanna talún mhí Feabhra 2023. Cuimsítear an méid seo a leanas i measc na samplaí:

I mí Eanáir 2025, eagraíodh cuairteanna ó Choimisinéir an Aontais um Chomhionannas, agus um Ullmhacht agus Bainistíocht Géarchéime, Hadja Lahbib, ar thionscadail a bhaineann leis an tSaoráid do Dhídeanaithe sa Tuirc (FRiT) in Ankara, agus ar an réigiún a bhuail an crith talún.

I mí Aibreáin 2025, eagraíodh turas preasa chuig Vársá, turas ar ghlac iriseoirí mór le rá ón Tuirc páirt ann i gcomhar le hAmbasáid na Polainne in Ankara le linn Uachtaránacht na Polainne. Mar chuid den turas bhí plé maidir leis an imirce agus cuairt ar cheanncheathrú Frontex.

I mí na Bealtaine 2025, eagraíodh sraith gníomhaíochtaí in Gaziantep chun Lá na hEorpa a chomóradh, lena n-áirítear fáiltiú ag Músaem Zeugma agus cruthú múrphictiúir le healaíontóir Turcach chun aird a tharraingt ar an dlúthchomhar idir an tAontas agus an Tuirc. Ina dhiaidh sin bhí sraith eile imeachtaí sa Bhruiséil: bhí na scéalta ratha, na grianghraif agus na físeáin a léirigh an Toscaireacht le feiceáil i dtaispeántas poiblí os comhair fhoirgneamh Pharlaimint na

[35] https://enlargement.ec.europa.eu/final-evaluation-facility-refugees-turkey_ga.

hEorpa. Bhí an taispeántas ar siúl go dtí an 20 Meitheamh, Lá Domhanda na nDídeanaithe. Eagraíodh turas preasa idir an 18 agus an 20 Meitheamh, agus reáchtáladh fáiltiú ar fhreastail Ceann na Toscaireachta agus ionadaithe na Tuirce air.

Foilsíodh leabhar tábla caife ina raibh scéalta ratha freisin ar ócáid an tseolta a reáchtáladh i Músaem Erimtan an 11 Iúil.

## 7. Conclúid agus na chéad chéimeanna eile

Leanadh den tSaoráid a chur chun feidhme in 2025. Rinneadh buiséad oibríochtúil iomlán na Saoráide a chur amach ar conradh faoi dheireadh 2020, agus faoi dheireadh 2025 eisíocadh EUR 5,9 billiún san iomlán. Leanfar de 11 thionscadal san iomlán a chur chun feidhme go dtí 2029. An cúnamh breise le haghaidh dídeanaithe a leithdháileadh le haghaidh 2025-2027, leantar de bheith á chur chun feidhme agus is é is aidhm dó a áirithiú go mbeifear in ann leanúint den mhéid mór atá bainte amach faoin tSaoráid.

Cuimsítear leis na **chéad chéimeanna eile**:

- *leanúint de thionscadail uile na Saoráide a chur chun feidhme ar bhealach éifeachtach chun tairbhe na ndídeanaithe agus na bpobal óstach, i gcomhréir le prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais;*
- *leanúint de ghníomhaíochtaí cumarsáide a bhaineann le dídeanaithe a rolladh amach;*
- *EUR 195 mhilliún de thacaíocht bhreise a chlársceidealú do dhídeanaithe agus do phobail óstacha faoi bhuiséad 2027 chun a áirithiú go leanfaidh an méid atá bainte amach ag an tSaoráid de bheith inbhuanaithe;*
- *leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar riachtanais dídeanaithe sa Tuirc.*